An Ghaeltacht Bheo (via Zoom). Cruinniú den Ghrúpa Stiúrtha 1/7/21

I Láthair: Bhí cúigear i láthair.

Leithscéal: Ó cheathrar

1. **Miontuairiscí:** Pléadh na miontuairiscí a bhí ar fáil ón gcruinniú deiridh (10/6/21). Moladh leasú amháin agus glacadh leis an leagan leasaithe.

2. **Nithe ag éirí astu:** Ní raibh aon rud ag éirí astu nach raibh ar an gclár reatha cheana féin.

3. **Baill nua.** Tá teagmháil ar bun i gcónaí le LPT na Roinne agus Corca Dhuibhne le hionadaithe ó na ceantair sin a earcú ar an gcoiste.

4. **Cúrsaí Oideachais.**
    a. CNCM: Seoladh litir chuig Arlene Foster agus tá súil ag GB go n-eagrófar cruinniú léi go luath.

    b. **Cúrsaí Oideachais sa nGaeltacht – An Chápéis '**Treoir do Scoileanna Gaeltachta: Comhpháirtíocht leis an bpobal chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn': Roinne an Cathaoirleach cur síos ar an gcáipéis. Bhí neamhchinnteacht ann maidir le cén eagras stáit a d'eisigh é. Bhí baill den tuairim go mbeadh an cur chuige meastóireachta sa cháipéis níos láidre dá mbeadh ról ag cigirí na Roinne Oideachais sa mhonatóireacht agus go mbeadh sé níos soiléire gur cháipéis de chuid na Roinne Oideachais atá ann. Socraíodh go mbeadh cruinniú GB ar 12 Lúnasa leis an cháipéis a phlé. An Cathaoirleach le 'freagra' agus 'tráchtanna' ar an gcáipéis a réiteach agus iad le plé ag an chruinnithe ar 12/8.

5. **Miontuairiscí** agus suíomh Teacht Aniar. Glacadh leis go bhfoilseofar na miontuairiscí ar shuíomh Teacht Aniar. Ionadaí Teacht Aniar agus rúnaí le na socraithe a dhéanmah.

6. **Cruinniú le Tuismitheoirí na Gaeltachta**. **TnaG**.
    a. Cruinniú le heagrú le TnaG. An Cathaoirleach théis scríobh chucu agus ag fanacht ar fhreagra uathu.

7. Aon ghnó eile. Ní raibh.

8. **An chéad chruinniú eile:** - Déardaoin 12 Lúnasa 2021 ag a 4:00 pm. - via ZOOM